*Uimhir* 2 *de* 2022

# An tAcht Iascaigh Mhara (Forálacha Ilghnéitheacha), 2022

[*An tiontú oifigiúil*]

*Uimhir* 2 *de* 2022

# AN tACHT IASCAIGH MHARA (FORÁLACHA ILGHNÉITHEACHA), 2022

[*An tiontú oifigiúil*]

CLÁR AN ÁBHAIR

Alt


1. Míniú
2. Leasú ar alt 2 d'Acht 2006
3. Leasú ar alt 12 d'Acht 2006
4. Leasú ar alt 13 d'Acht 2006
5. Leasú ar alt 15 d'Acht 2006
6. Máistrí iascaireachta Éireannacha a rialáil
7. Leasú ar alt 16 d'Acht 2006
8. Leasú ar alt 17 d'Acht 2006
9. Aistriú Sonraí
10. Leasú ar alt 28 d'Acht 2006
11. Leasú ar alt 37 d'Acht 2006
12. Leasú ar alt 54 d'Acht 2006
13. Leasú ar an Acht Iascaigh (Leasú), 2003
14. Leasú ar Rialacháin an Aontais Eorpaigh (An Comhbheartas Iascaigh) (Córas Pointí), 2020
15. Gearrtheideal, comhlua agus tosach feidhme

## Na hAchtanna dá dTagraítear

Acht na gCuideachtaí, 2014 (Uimh. 38)

An tAcht Iascaigh (Leasú), 2003 (Uimh. 21)

Na hAchtanna Iascaigh, 1959 go 2019

Achtanna Náisiúntachta agus Saoránachta Éireann, 1956 go 2004

An tAcht Loingis Cheannaíochta (Deimhniúchán Mairnéalach), 1979 (Uimh. 37)

Na hAchtanna Iascaigh Mhara, 2003 go 2019

An tAcht Iascaigh Mhara agus Dlínse Muirí, 2006 (Uimh. 8)

An tAcht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh, 2005 (Uimh. 26)

An tAcht Comhdhlúite Cánacha, 1997 (Uimh. 39)

An tAcht Comhdhlúite Cánach Breisluacha, 2010 (Uimh. 31)

*Uimhir* 2 *de* 2022

# AN tACHT IASCAIGH MHARA (FORÁLACHA ILGHNÉITHEACHA), 2022

[*An tiontú oifigiúil*]

Acht do leasú an Achta Iascaigh Mhara agus Dlínse Muirí, 2006 chun éifeacht a thabhairt d'Airteagal 92 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle an 20 Samhain 2009[1] agus do Theideal VII de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 404/2011 ón gCoimisiún an 8 Aibreán 2011[2] agus, chuige sin, do dhéanamh socrú maidir le córas chun pointí a chlárú agus a shannadh do mháistrí bád iascaireachta mara ar saoránaigh Éireannacha iad; do dhéanamh socrú maidir le leasuithe áirithe eile ar an Acht Iascaigh Mhara agus Dlínse Muirí, 2006; do leasú an Achta Iascaigh (Leasú), 2003; do leasú Rialacháin an Aontais Eorpaigh (An Comhbheartas Iascaigh) (Córas Pointí), 2020 (I.R. Uimh. 318 de 2020); agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe gaolmhara.

[15 *Márta* 2022]

**Achtaítear ag an Oireachtas mar a leanas:**

**Míniú**

**1.** San Acht seo, ciallaíonn "Acht 2006" an tAcht Iascaigh Mhara agus Dlínse Muirí, 2006.

**Leasú ar alt 2 d'Acht 2006**

**2.** Leasaítear alt 2 d'Acht 2006—

(a) sa mhíniú ar "Roinn", trí "an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara;" a chur in ionad "an Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha;",

(b) sa mhíniú ar "Aire", trí "an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara;" a chur in ionad "an tAire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha;", agus

(c) tríd an míniú seo a leanas a chur isteach:

> "tá le 'lárionad faireacháin iascaigh' an bhrí chéanna atá leis in Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle an 20 Samhain 2009[3];".

1 IO Uimh. L 343, 22.12.2009, lch. 1
2 IO Uimh. L 112, 30.4.2011, lch, 1
3 IO Uimh. L 343, 22.12.2009, lch. 1

**Leasú ar alt 12 d'Acht 2006**

**3.** Leasaítear alt 12 d'Acht 2006—

(a) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (9):

"(9) Gan dochar d'fho-alt (8), tabharfar scéala maidir le foilsiú fógra faoin bhfo-alt sin trí scéala a fhoilsiú san Iris Oifigiúil agus beidh ar áireamh sa scéala sin an dáta agus an modh ar ar foilsíodh an fógra.",

agus

(b) i bhfo-alt (10), tríd an leagan cuí gramadaí de "scéala" a chur in ionad an leagain chomhfhreagraigh de "fógra", gach áit a bhfuil sé.

**Leasú ar alt 13 d'Acht 2006**

**4.** Leasaítear alt 13 d'Acht 2006—

(a) i bhfo-alt (1)—

(i) tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (a):

"(a) (i) ar iarratas a fháil ó aon duine, i cibé foirm a dtabharfaidh an tAire breith ina leith, nó

(ii) ar thionscnamh an Aire féin, i leith aon duine—

(I) is úinéir báid iascaireachta mara Éireannaigh atá taifeadta i gClár na mBád Iascaireachta, agus

(II) dár deonaíodh ceadúnas báid iascaireachta mara,

agus",

agus

(ii) trí "a dheonú (i bhfoirm leictreonach nó i bhfoirm eile)" a chur in ionad "a dheonú",

(b) i bhfo-alt (2)(a), trí "is úinéir an bháid" a chur in ionad "is úinéir, cairtfhostóir nó fruilitheoir an bháid, de réir mar a bheidh," agus

(c) i bhfo-alt (5), tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (k):

"(k) lena gceanglófar an t-údarú, nó i gcás go n-eisítear an t-údarú i bhfoirm leictreonach, cóip chlóite den údarú, a choimeád ar an mbád lena mbaineann.".

**Leasú ar alt 15 d'Acht 2006**

**5.** Leasaítear alt 15 d'Acht 2006—

(a) i bhfo-alt (1)(c), trí "don iascaireacht nó" a chur isteach i ndiaidh "aon duine a bheidh ag gabháil", agus

(b) i bhfo-alt (2)(a)(i), trí "gléas nó trealamh iascaireachta," a chur in ionad "trealamh orthu,".

**Máistrí iascaireachta Éireannacha a rialáil**

**6.** Leasaítear Cuid 2 d’Acht 2006 tríd an gCaibidil seo a leanas a chur isteach i ndiaidh Chaibidil 2:

“Caibidil 2A

*Máistrí iascaireachta Éireannacha a rialáil*

**Léiriú agus feidhm (Caibidil 2A de Chuid 2)**

**15A.** (1) Sa Chaibidil seo—

forléireofar ‘Oifigeach Achomhairc’ de réir alt 15M;

forléireofar ‘deimhniú um chlárú máistir’ de réir alt 15C(1);

ciallaíonn ‘Rialachán ón gCoimisiún’ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 404/2011 ón gCoimisiún an 8 Aibreán 2011[4] lena leagtar síos rialacha mionsonraithe chun Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle an 20 Samhain 2009[5] a chur chun feidhme, ar Rialachán é lena mbunaítear córas rialaithe Comhphobail chun a chinntiú go gcomhlíontar rialacha an Chomhbheartais Iascaigh, arna leasú le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1962 ón gCoimisiún an 28 Deireadh Fómhair 2015[6], le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/30 ón gCoimisiún an 14 Eanáir 2020[7] agus le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/863 ón gCoimisiún an 22 Meitheamh 2020[8];

ciallaíonn ‘údarás inniúil’, i ndáil le Ballstát eile, an t-údarás inniúil arna shainainmniú ag an mBallstát sin chun feidhmeanna an údaráis inniúil a chomhlíonadh faoin Rialachán maidir le Rialú;

ciallaíonn ‘Rialachán maidir le Rialú’ Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle an 20 Samhain 2009[9] lena mbunaítear córas rialaithe Aontais chun a chinntiú go gcomhlíontar rialacha an chomhbheartais iascaigh, arna leasú le Rialachán (AE) Uimh. 1379/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013[10], le Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013[11], le Rialachán (AE) Uimh. 1385/2013 ón gComhairle an 17 Nollaig 2013[12], le Rialachán (AE) Uimh. 508/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014[13], le Rialachán (AE) 2015/812 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015[14], le Rialachán (AE) 2019/473 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Márta 2019[15] agus le

---

4 IO Uimh. L 112, 30.4.2011, lch. 1
5 IO Uimh. L 343, 22.12.2009, lch. 1
6 IO Uimh. L 287, 31.10.2015, lch. 6
7 IO Uimh. L 9, 15.1.2020, lch. 3
8 IO Uimh. L 200, 24.06.2020, lch. 1
9 IO Uimh. L 343, 22.12.2009, lch. 1
10 IO Uimh. L 354, 28.12.2013, lch. 1
11 IO Uimh. L 354, 28.12.2013, lch. 22
12 IO Uimh. L 354, 28.12.2013, lch. 86
13 IO Uimh. L 149, 20.05.2014, lch. 1
14 IO Uimh. L 133, 29.05.2015, lch. 1
15 IO Uimh. L 83, 25.03.2019, lch. 18

Rialachán (AE) 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019[16];

forléireofar 'Painéal Cinnidh' de réir alt 15G;

ciallaíonn 'fostú', i ndáil le máistir báid iascaireachta mara—

(a) an máistir lena mbaineann a áirithiú, a fhruiliú nó a fhostú ar shlí eile, nó

(b) aon socrú conarthach nó dlíthiúil eile a dhéanamh leis an máistir lena mbaineann a ngníomhaíonn an máistir dá bhun mar mháistir báid iascaireachta mara;

ciallaíonn 'saoránach Éireannach' duine—

(a) ar saoránach Éireannach é nó í faoi Achtanna Náisiúntachta agus Saoránachta Éireann, 1956 go 2004, nó

(b) a fhaigheann saoránacht Éireann faoi na hAchtanna sin nó faoi aon achtachán eile;

ciallaíonn 'Rialachán NNN' Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 ón gComhairle an 29 Meán Fómhair 2008[17] lena mbunaítear córas Comhphobail chun iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte a chosc, a dhíspreagadh agus a dhíothú, arna leasú le Rialachán (CE) Uimh. 1010/2009 ón gCoimisiún an 22 Deireadh Fómhair 2009[18], le Rialachán (AE) Uimh. 86/2010 ón gCoimisiún an 29 Eanáir 2010[19]agus le Rialachán (AE) Uimh. 202/2011 ón gCoimisiún an 1 Márta 2011[20];

tá le 'oifigeach' an bhrí chéanna atá leis in Airteagal 4(6) den Rialachán maidir le Rialú;

ciallaíonn 'pointí' pointí arna sannadh do mháistir báid iascaireachta mara mar gheall ar shárú tromchúiseach de réir Iarscríbhinn XXX a ghabhann leis an Rialachán ón gCoimisiún nó de réir alt 15U, de réir mar a bheidh;

ciallaíonn 'máistir cláraithe' saoránach Éireannach a bhfuil a ainm nó a hainm taifeadta sa Chlár de Mháistrí Iascaireachta Éireannacha de réir alt 15B;

ciallaíonn 'Rialacháin 2020' Rialacháin an Aontais Eorpaigh (An Comhbheartas Iascaigh) (Córas Pointí), 2020 (I.R. Uimh. 318 de 2020);

ciallaíonn 'tuarascáil' tuarascáil i scríbhinn agus folaíonn sé tuarascáil iniúchta, tuarascáil faireachais, tuarascáil ar shonraí nó ábhar rialúcháin, a bheidh bailithe ag oifigeach ag gníomhú dó nó di i bhfeidhmiú a chumhachtaí nó a cumhachtaí nó a dhualgas nó a dualgas;

ciallaíonn 'ceadúnas báid iascaireachta mara' ceadúnas arna dheonú faoi alt 4 (arna chur isteach le halt 97) d'Acht 2003;

16 IO Uimh. L 198, 25.07.2019, lch. 105
17 IO Uimh. L 286, 29.10.2008, lch. 1
18 IO Uimh. L 280, 27.10.2009, lch. 5
19 IO Uimh. L 26, 30.01.2010, lch. 1
20 IO Uimh. L 57, 02.03.2011, lch. 10

ciallaíonn 'sárú tromchúiseach' sárú ar na rialacha de chuid an chomhbheartais iascaigh a shonraítear in Iarscríbhinn XXX a ghabhann leis an Rialachán ón gCoimisiún nó in Airteagal 90(1)(c) den Rialachán maidir le Rialú.

(2) Tá le focal nó le habairt a úsáidtear sa Chaibidil seo agus a úsáidtear freisin sa Rialachán ón gCoimisiún, sa Rialachán maidir le Rialú nó i Rialachán NNN, mura n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt, an bhrí chéanna sa Chaibidil seo atá leis nó léi sa Rialachán ón gCoimisiún, sa Rialachán maidir le Rialú nó i Rialachán NNN, de réir mar a bheidh.

(3) Ní dochar an Chaibidil seo d'alt 3 den Acht Loingis Cheannaíochta (Deimhniúchán Mairnéalach), 1979 ná d'aon rialacháin arna ndéanamh faoi.

**An Clár de Mháistrí Iascaireachta Éireannacha**

**15B.**(1) Chun críocha na Caibidle seo, déanfaidh an tAire clár, ar a dtabharfar 'an Clár de Mháistrí Iascaireachta Éireannacha', de shaoránaigh Éireannacha is máistrí bád iascaireachta mara agus de na pointí arna sannadh de réir na Caibidle seo do gach máistir den sórt sin, a bhunú agus a chothabháil, i cibé foirm (lena n-áirítear foirm leictreonach) is cuí leis nó léi.

(2) Aon duine a dhéanfaidh iarratas ar chlárú sa Chlár de Mháistrí Iascaireachta Éireannacha—

(a) tabharfaidh sé nó sí don Aire cibé faisnéis a theastóidh le réasún ón Aire d'fhonn an Clár de Mháistrí Iascaireachta Éireannacha a chothabháil, agus

(b) gan dochar do ghinearáltacht mhír (a), deimhneoidh sé nó sí don Aire—

(i) gur saoránach Éireannach é nó í, agus

(ii) nach bhfuil, tráth an chláraithe, 90 pointe nó níos mó sannta dó nó di de réir na Caibidle seo.

(3) Déanfar iarratas ar thaifeadadh sa Chlár de Mháistrí Iascaireachta Éireannacha i cibé foirm agus ar cibé modh a shonróidh an tAire.

(4) Beidh sa Chlár de Mháistrí Iascaireachta Éireannacha na mionsonraí seo a leanas i leith gach duine a bheidh cláraithe ann:

(a) a ainm nó a hainm agus a sheoladh nó a seoladh;

(b) a uimhir theileafóin nó a huimhir theileafóin, a sheoladh ríomhphoist nó a seoladh ríomhphoist agus aon mhionsonraí teagmhála iomchuí eile;

(c) a uimhir phearsanta seirbhíse poiblí nó a huimhir phearsanta seirbhíse poiblí (de réir bhrí alt 262 den Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh, 2005);

(d) a uimhir chlárúcháin nó a huimhir chlárúcháin mar a shonraítear sa deimhniú um chlárú máistir arna eisiúint ina leith;

(e) dáta an chláraithe ar an deimhniú um chlárú máistir;

(f) an líon pointí (más ann) arna sannadh dó nó di ag an Údarás de réir na Caibidle seo;

(g) an dáta a sannadh aon phointí den sórt sin amhlaidh;

(h) mionsonraí maidir le haon fhionraí ar chlárú an duine sa Chlár de Mháistrí Iascaireachta Éireannacha, lena n-áirítear dáta agus ré aon fhionraí den sórt sin, achoimre ar na cúiseanna leis an bhfionraí agus sonraí maidir le gach scriosadh ar fhionraithe den sórt sin;

(i) an dáta a tharla gach sárú tromchúiseach, agus mionsonraí maidir le gach sárú tromchúiseach, ar sannadh pointí (más ann) dó nó di ina leith;

(j) an dáta a braitheadh gach sárú tromchúiseach den sórt sin;

(k) an dáta ar a bhféadfar aon phointí arna sannadh don mháistir nó aon fhionraí ar chlárú an mháistir a scriosadh as an gClár de Mháistrí Iascaireachta Éireannacha de réir alt 15J(2) nó 15K(6);

(l) cibé faisnéis eile a mheasfaidh an tAire is gá chun a chinntiú go ndéantar bainistiú éifeachtach ar an gClár de Mháistrí Iascaireachta Éireannacha.

(5) Tabharfaidh máistir cláraithe fógra don Aire i dtaobh aon athrú ar na mionsonraí a shonraítear i mír (a) nó (b) d'fho-alt (4) agus a bhaineann leis nó léi.

(6) Déanfaidh an tAire an fhaisnéis seo a leanas arna taifeadadh sa Chlár de Mháistrí Iascaireachta Éireannacha i ndáil le duine atá taifeadta sa chlár sin a chur ar fáil, ar cibé modh a mheasfaidh sé nó sí is cuí, do shealbhóirí ceadúnas báid iascaireachta mara agus do dhaoine iomchuí eile:

(a) a ainm nó a hainm;

(b) a uimhir chlárúcháin nó a huimhir chlárúcháin;

(c) an líon pointí arna sannadh dó nó di;

(d) mionsonraí maidir le haon fhionraí ar chlárú an duine sa Chlár de Mháistrí Iascaireachta Éireannacha, lena n-áirítear dáta agus ré aon fhionraí den sórt sin.

(7) Gach tráth réasúnach, beidh rochtain ag oifigeach, agus féadfaidh oifigeach iniúchadh agus scrúdú a dhéanamh, ar an gClár de Mháistrí Iascaireachta Éireannacha.

(8) Ar fhógra faoi alt 15I(3)(b) nó faoi alt 15I(6)(b) a fháil, déanfaidh an tAire na pointí arna sannadh de réir na Caibidle seo don mháistir lena mbaineann an fógra a thaifeadadh ar an gClár de Mháistrí Iascaireachta Éireannacha.

(9) Faoi réir fho-alt (10), féadfaidh an tAire diúltú duine a chlárú sa Chlár de Mháistrí Iascaireachta Éireannacha, nó duine a bhaint de, i gcás gur deimhin leis an Aire go bhfuil nó go raibh iarratas an duine ar chlárú, tráth a dhéanta, neamhiomlán, míchruinn, bréagach nó míthreorach in aon phonc ábhartha.

(10) I gcás go mbeartóidh an tAire, de réir fho-alt (9), diúltú duine a chlárú sa Chlár de Mháistrí Iascaireachta Éireannacha, nó duine a bhaint de, déanfaidh sé nó sí—

(a) fógra i scríbhinn a thabhairt don duine lena mbaineann i dtaobh an togra agus i dtaobh na gcúiseanna atá leis an diúltú nó leis an mbaint atá beartaithe,

(b) fógra i scríbhinn a thabhairt don duine á rá go bhféadfaidh sé nó sí, nó go bhféadfaidh duine a bheidh ag gníomhú thar a cheann nó thar a ceann, uiríll a dhéanamh chuig an Aire i ndáil leis an togra laistigh de 14 lá tar éis don duine an fógra dá dtagraítear i mír (a) a fháil, agus

(c) aon uiríll a bheidh déanta go cuí a bhreithniú sula dtabharfaidh sé nó sí breith i dtaobh diúltú an duine a chlárú sa Chlár de Mháistrí Iascaireachta Éireannacha nó i dtaobh an duine a bhaint de.

(11) Coinneoidh an tAire taifead, i cibé foirm (lena n-áirítear foirm leictreonach) a mheasfaidh sé nó sí is cuí, ar dhaoine a baineadh den Chlár de Mháistrí Iascaireachta Éireannacha de réir fho-alt (9) nó (13) nó alt 15L.

(12) Aon duine a dhéanfaidh, nuair a bheidh iarratas á dhéanamh aige nó aici ar chlárú sa Chlár de Mháistrí Iascaireachta Éireannacha, faisnéis a thabhairt don Aire is eol dó nó di a bheith bréagach nó míthreorach in aon phonc ábhartha, beidh sé nó sí ciontach i gcion agus dlífear—

(a) ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil d’aicme A a chur air nó uirthi, nó

(b) ar é nó í a chiontú ar díotáil, fíneáil nach mó ná €15,000 a chur air nó uirthi.

(13) I gcás go gciontófar duine i gcion faoi fho-alt (12), bainfidh an tAire é nó í den Chlár de Mháistrí Iascaireachta Éireannacha.

(14) San alt seo, ciallaíonn ‘duine iomchuí’—

(a) sealbhóir ceadúnais báid iascaireachta mara, agus

(b) duine a mbeidh iarratas déanta aige nó aici ar cheadúnas báid iascaireachta mara chuig an údarás ceadúnúcháin agus nach mbeidh ceadúnas den sórt sin deonaithe go fóill.

**Deimhniú um chlárú máistir**

**15C.** (1) Déanfaidh an tAire deimhniú, lena ndeimhneofar go bhfuil duine taifeadta sa Chlár de Mháistrí Iascaireachta Éireannacha (‘deimhniú um chlárú máistir’) agus ina sonrófar—

(a) uimhir chlárúcháin an mháistir chláraithe, agus

(b) dáta cláraithe an duine,

a eisiúint i leith gach duine arna thaifeadadh nó arna taifeadadh amhlaidh.

(2) Déanfaidh máistir, gach tráth a bheidh sé nó sí ag gníomhú mar mháistir ar bhád iascaireachta mara, a dheimhniú um chlárú máistir nó a deimhniú um chlárú máistir a iompar ar bord an bháid iascaireachta mara.

(3) Aon duine a mhainneoidh fo-alt (2) a chomhlíonadh, déanfaidh sé nó sí cion agus dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil d'aicme A a chur air nó uirthi.

**Sonraí arna dtaifeadadh sa Chlár de Mháistrí Iascaireachta Éireannacha**

**15D.** (1) Faoi réir fho-alt (2), ní dhéanfar sonraí arna dtaifeadadh sa Chlár de Mháistrí Iascaireachta Éireannacha a stóráil ach amháin fad is gá chun an Clár de Mháistrí Iascaireachta Éireannacha a oibriú chun críocha na Caibidle seo.

(2) I gcás go mbaineann sonraí arna dtaifeadadh sa Chlár de Mháistrí Iascaireachta Éireannacha leis an gcóras pointí dá dtagraítear in Airteagal 92 den Rialachán maidir le Rialú, déanfar na sonraí sin a stóráil go ceann tréimhse 3 bliana ar a laghad, dar tosach an bhliain tar éis na bliana is déanaí díobh seo a leanas—

(a) an bhliain ina dtaifeadtar na sonraí sa Chlár de Mháistrí Iascaireachta Éireannacha, nó

(b) an bhliain ina ndéantar na pointí is déanaí a shannadh don duine lena mbaineann siad.

**Rialacháin a bhaineann leis an gClár de Mháistrí Iascaireachta Éireannacha a chothabháil agus a riaradh**

**15E.** (1) Féadfaidh an tAire, le rialacháin, foráil a dhéanamh maidir le cibé nithe breise, teagmhasacha, iarmhartacha nó forlíontacha, a bhaineann le cothabháil agus le riaradh cuí an Chláir de Mháistrí Iascaireachta Éireannacha, is dealraitheach dó nó di a bheith riachtanach nó fóirsteanach.

(2) Gan dochar do ghinearáltacht fho-alt (1), féadfar, le rialacháin faoin bhfo-alt sin, foráil a dhéanamh maidir leis na nithe seo a leanas—

(a) an modh ar a ndéanfar an Clár de Mháistrí Iascaireachta Éireannacha a chothabháil, agus

(b) an modh ar a ndéanfar an Clár de Mháistrí Iascaireachta Éireannacha a oibriú chun a chinntiú go gcomhlíontar Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016[21].

21 IO Uimh. L 119, 4.5.2016, lch. 1

**Duine do dhul i bhfeighil báid iascaireachta mara áirithe nuair nach bhfuil sé nó sí cláraithe sa Chlár de Mháistrí Iascaireachta Éireannacha**

**15F.** (1) Faoi réir fho-alt (3), ní rachaidh saoránach Éireannach i bhfeighil bád iascaireachta mara Éireannach nó bád iascaireachta mara coigríche, cibé áit ina mbeidh sé, ná ní fhéachfaidh sé nó sí le dul i bhfeighil an chéanna, mura mbeidh sé nó sí cláraithe de thuras na huaire sa Chlár de Mháistrí Iascaireachta Éireannacha.

(2) Aon duine a sháróidh fo-alt (1), déanfaidh sé nó sí cion agus dlífear—

(a) ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil d’aicme A a chur air nó uirthi, nó

(b) ar é nó í a chiontú ar díotáil, fíneáil nach mó ná €15,000 a chur air nó uirthi.

(3) In imeachtaí mar gheall ar chion faoi fho-alt (2), is cosaint é don chosantóir a chruthú go ndeachaigh sé nó sí i bhfeighil an bháid iascaireachta mara Éireannaigh nó an bháid iascaireachta mara coigríche d’fhonn contúirt láithreach nó garchontúirt don bhád nó do dhuine ar an mbád a chosc nó d’fhonn féachaint le contúirt láithreach nó garchontúirt don bhád nó do dhuine ar an mbád a chosc.

**An Painéal Cinnidh**

**15G.** (1) Is é an Painéal Cinnidh arna bhunú agus arna cheapadh faoi réim agus de réir Rialachán 5 de Rialacháin 2020 an Painéal Cinnidh chun cinneadh a dhéanamh, de réir na Caibidle seo, i dtaobh ar tharla sárú tromchúiseach agus i dtaobh an raibh duine ina mháistir nó ina máistir ar an mbád iascaireachta mara an tráth sin.

(2) Beidh feidhm ag míreanna (2) go (14) de Rialachán 5 de Rialacháin 2020 maidir le Painéal Cinnidh faoin alt seo, faoi réir na modhnuithe seo a leanas:

(a) forléireofar tagairt do Rialacháin 2020 mar thagairt don Chaibidil seo;

(b) forléireofar tagairt do ‘sealbhóir ceadúnais’ mar thagairt do mháistir báid iascaireachta mara;

(c) forléireofar tagairt do ‘cinneadh’ mar thagairt do chinneadh faoin gCaibidil seo;

(d) i míreanna (8) agus (9), léifear na tagairtí do Rialachán 6(6) mar thagairtí d’alt 15H(2)(b);

(e) i mír (11), léifear an tagairt do Rialachán 6(9) mar thagairt d’alt 15H(6).

**Fógra i dtaobh sárú tromchúiseach líomhnaithe**

**15H.** (1) I gcás go mbraithfidh oifigeach sárú tromchúiseach líomhnaithe—

(a) a bhfuil baint ag bád iascaireachta mara Éireannach leis, cibé áit ina mbeidh an bád, nó

(b) a bhfuil baint ag bád iascaireachta mara coigríche leis, i dteorainneacha iascaigh eisiatacha an Stáit (de réir bhrí Chuid 3),

agus ar saoránach Éireannach nó náisiúnach de chuid Ballstát eile é nó í an duine a líomhnaítear gurb é nó í máistir an bháid sin é nó í ('an máistir líomhnaithe'), ullmhóidh an t-oifigeach tuarascáil agus déanfaidh sé nó sí an tuarascáil agus aon ábhar arna bhailiú i ndáil leis an sárú líomhnaithe a chur ar aghaidh chuig an Údarás.

(2) I gcás go gcuirfear tuarascáil ar aghaidh chuig an Údarás de bhun fho-alt (1), déanfaidh an tÚdarás—

(a) an tuarascáil agus aon ábhar arna bhailiú a bhaineann leis an sárú tromchúiseach líomhnaithe a chur chuig an bPainéal Cinnidh chun cinneadh a dhéanamh i dtaobh ar tharla sárú tromchúiseach,

(b) fógra i scríbhinn a thabhairt don mháistir líomhnaithe—

(i) á rá go ndearnadh sárú tromchúiseach líomhnaithe a bhrath,

(ii) á rá go líomhnaítear gurbh é nó gurbh í máistir an bháid iascaireachta mara é nó í nuair a tharla an sárú tromchúiseach líomhnaithe,

(iii) á rá go gcuirfear an ní chuig an bPainéal Cinnidh chun cinneadh a dhéanamh i dtaobh ar tharla sárú tromchúiseach,

(iv) maidir leis an deis atá aige nó aici aighneachtaí i scríbhinn a dhéanamh chuig an bPainéal Cinnidh laistigh de 30 lá oibre ó dháta an fhógra, agus

(v) á rá go bhféadfaidh sé nó sí, laistigh de 30 lá oibre ó dháta an fhógra, iarraidh i scríbhinn a dhéanamh chuig an bPainéal Cinnidh ar éisteacht ó bhéal, agus

(c) cóip den tuarascáil agus den ábhar dá dtagraítear i mír (a) a sholáthar don mháistir líomhnaithe.

(3) Féadfaidh an Painéal Cinnidh tuarascáil agus aon ábhar a chuirfidh oifigeach ar aghaidh chuig an Údarás de bhun fho-alt (1), agus aon aighneacht dá dtagraítear i bhfo-alt (4), a úsáid le linn dó cinneadh a dhéanamh faoi fho-alt (6).

(4) Tabharfar an deis don mháistir líomhnaithe aighneachtaí i scríbhinn a dhéanamh chuig an bPainéal Cinnidh laistigh de 30 lá oibre ó dháta an fhógra dá dtagraítear i bhfo-alt (2)(b).

(5) Féadfaidh an Painéal Cinnidh a iarraidh go soláthróidh an tÚdarás nó an máistir líomhnaithe faisnéis bhreise i ndáil leis an tsaincheist a bheidh á cinneadh ag an bPainéal Cinnidh agus soláthróidh an tÚdarás nó an máistir líomhnaithe, de réir mar a bheidh, an fhaisnéis tráth nach déanaí ná 20 lá oibre tar éis an iarraidh a fháil.

(6) Déanfaidh an Painéal Cinnidh, tráth nach déanaí ná 70 lá oibre tar éis dháta an fhógra dá dtagraítear i bhfo-alt (2)(b) chuig an máistir líomhnaithe, cinneadh a dhéanamh i dtaobh an dóichí gurb amhlaidh gur tharla sárú tromchúiseach agus go raibh an máistir líomhnaithe ina mháistir nó ina máistir ar an mbád iascaireachta mara an tráth a tharla an sárú tromchúiseach.

(7) Le linn dó cinneadh a dhéanamh i dtaobh ar tharla sárú tromchúiseach, beidh aird ag an bPainéal Cinnidh ar na critéir dá dtagraítear in Airteagal 3(2) de Rialachán NNN.

(8) Tabharfaidh an Painéal Cinnidh fógra i scríbhinn don Údarás agus don mháistir líomhnaithe lena mbaineann i dtaobh a chinnidh faoi fho-alt (6) agus i dtaobh na gcúiseanna leis an gcinneadh sin.

**An tÚdarás do shannadh pointí**

**15I.** (1) I gcás go dtabharfar fógra don Údarás faoi alt 15H(8) á rá gur chinn an Painéal Cinnidh gur tharla sárú tromchúiseach agus go raibh an máistir, an tráth a tharla an sárú tromchúiseach, ina mháistir nó ina máistir ar an mbád iascaireachta mara, déanfaidh an tÚdarás—

(a) i gcás gur saoránach Éireannach é nó í an máistir lena mbaineann, fógra i scríbhinn a thabhairt don mháistir—

(i) á rá gur tugadh fógra don Údarás amhlaidh, agus

(ii) i dtaobh an togra chun na pointí cuí a shannadh de réir Iarscríbhinn XXX a ghabhann leis an Rialachán ón gCoimisiún nó de réir alt 15U, de réir mar a bheidh, don mháistir mar gheall ar an sárú tromchúiseach,

nó

(b) i gcás gur náisiúnach de chuid Ballstát eile é nó í an máistir lena mbaineann, fógra a thabhairt don mháistir—

(i) á rá gur tugadh fógra don Údarás amhlaidh, agus

(ii) á rá go bhfuil sé beartaithe fógra a thabhairt d'údarás inniúil an Bhallstáit ar náisiúnach dá chuid an máistir go ndearnadh an sárú tromchúiseach a bhrath.

(2) Maidir le fógra faoi fho-alt (1) chuig máistir—

(a) tabharfar sonraí ann—

(i) maidir leis an sárú tromchúiseach lena mbaineann, agus

(ii) más iomchuí, maidir leis an líon cuí pointí a bheartaítear a shannadh,

agus

(b) cuirfear in iúl don mháistir ann go bhfuil an ceart ag an máistir achomharc a dhéanamh de réir alt 15N.

(3) Faoi réir fho-alt (5), i gcás go mbeidh fógra eisithe faoi fho-alt (1) i leith máistir is saoránach Éireannach, déanfaidh an tÚdarás—

(a) an líon cuí pointí a shannadh don mháistir atá i gceist, agus

(b) a luaithe is indéanta dá éis sin, fógra a thabhairt don Aire maidir leis na nithe seo a leanas:

(i) ainm agus seoladh an mháistir dá sanntar na pointí;

(ii) uimhir chlárúcháin an mháistir chláraithe;

(iii) céannacht an bháid iascaireachta mara lena mbaineann an sárú áirithe;

(iv) sonraí i dtaobh an tsáraithe thromchúisigh lena mbaineann;

(v) an líon pointí arna sannadh;

(vi) an dáta óna mbeidh na pointí sannta.

(4) Faoi réir fho-alt (5), i gcás go mbeidh fógra eisithe faoi fho-alt (1) i leith máistir is náisiúnach de chuid Ballstát eile, tabharfaidh an tÚdarás fógra d'údarás inniúil an Bhallstáit i dtaobh na nithe seo a leanas:

(a) céannacht an bháid iascaireachta mara lena mbaineann an sárú áirithe;

(b) ainm agus seoladh mháistir an bháid iascaireachta mara agus aon mhionsonraí céannachta eile a bheidh ar fáil agus a bhaineann leis nó léi;

(c) sonraí an tsáraithe thromchúisigh lena mbaineann;

(d) an líon pointí is infheidhme maidir leis an sárú sin.

(5) Ní shannfar pointí faoi fho-alt (3) nó ní thabharfar fógra faoi fho-alt (4), de réir mar a bheidh, go dtí—

(a) go mbeidh an tréimhse a cheadaítear chun achomharc a dhéanamh in aghaidh an chinnidh ón bPainéal Cinnidh chuig an Oifigeach Achomhairc faoi alt 15N imithe in éag, gan achomharc den sórt sin a bheith déanta, nó

(b) i gcás go ndéanfar achomharc faoi alt 15N—

(i) i gcás go dtarraingeofar siar an t-achomharc, an dáta a tharraingeofar siar é, nó

(ii) i gcás go dtabharfaidh an tOifigeach Achomhairc breith seasamh le cinneadh an Phainéil Cinnidh i leith an tsáraithe thromchúisigh, dáta na breithe sin.

(6) I gcás go bhfaighidh an tÚdarás fógra faoi Airteagal 89(4) den Rialachán maidir le Rialú ó údarás inniúil Ballstáit eile á rá gur braitheadh sárú tromchúiseach a raibh baint leis ag bád iascaireachta mara ar shaoránach Éireannach é nó í an máistir air, déanfaidh an tÚdarás—

(a) an líon cuí pointí a shannadh don mháistir, agus

(b) fógra a thabhairt don mháistir agus don Aire maidir leis an méid sin.

(7) Maidir le pointí a shannfaidh an tÚdarás de réir an ailt seo, beidh feidhm acu ón dáta a bhraithfear an sárú tromchúiseach lena mbaineann.

(8) Ní shannfaidh an tÚdarás níos mó ná 12 phointe i leith aon iniúchadh amháin.

(9) San alt seo—

folaíonn 'céannacht', i ndáil le bád iascaireachta mara, litreoireacht agus uimhriú an bháid;

tá le 'iniúchadh' an bhrí chéanna atá leis in Airteagal 4(4) den Rialachán maidir le Rialú.

**Nithe a bhaineann le pointí arna sannadh**

**15J.** (1) Faoi réir fho-alt (2), maidir le pointí arna sannadh ag an Údarás do mháistir is saoránach Éireannach, leanfaidh siad de bheith sannta gan beann ar aon imeachtaí coiriúla a bheidh ar feitheamh, ná ar thoradh aon imeachtaí den sórt sin, i leith an tsáraithe thromchúisigh lena mbaineann.

(2) Mura ndéanfaidh máistir is saoránach Éireannach agus dá mbeidh pointí sannta de réir na Caibidle seo sárú tromchúiseach eile, laistigh de 3 bliana ón dáta a braitheadh an sárú tromchúiseach is déanaí lena mbaineann na pointí, déanfar na pointí go léir sa Chlár de Mháistrí Iascaireachta Éireannacha arna sannadh don mháistir lena mbaineann a bhaint den Chlár de Mháistrí Iascaireachta Éireannacha agus a scriosadh as.

**Máistir iascaireachta Éireannach a chur ar fionraí ón gClár de Mháistrí Iascaireachta Éireannacha**

**15K.** (1) Faoi réir fho-alt (6) agus alt 15J(2), i gcás go sannfar pointí do mháistir ar an gClár de Mháistrí Iascaireachta Éireannacha de réir na Caibidle seo, déanfaidh an tAire clárú an mháistir sa Chlár de Mháistrí Iascaireachta Éireannacha a fhionraí—

(a) i gcás go mbeidh 18 bpointe san iomlán carntha ag an máistir, go ceann tréimhse 2 mhí,

(b) i gcás go mbeidh 36 phointe san iomlán carntha ag an máistir, go ceann tréimhse 4 mhí,

(c) i gcás go mbeidh 54 phointe san iomlán carntha ag an máistir, go ceann tréimhse 8 mí, agus

(d) i gcás go mbeidh 72 phointe san iomlán carntha ag an máistir, go ceann tréimhse 12 mhí.

(2) I gcás go ndéanfar clárú máistir sa Chlár de Mháistrí Iascaireachta Éireannacha a fhionraí faoi fho-alt (1), déanfaidh an tAire an fhionraí a thaifeadadh sa Chlár sin.

(3) Maidir le máistir a ndearnadh a chlárú nó a clárú sa Chlár de Mháistrí Iascaireachta Éireannacha a fhionraí faoi fho-alt (1), cuirfidh sé nó sí na nithe seo a leanas in iúl láithreach do shealbhóir ceadúnais báid iascaireachta mara a fhostaíonn é nó í, nó a bheartaíonn é nó í a fhostú, mar mháistir—

(a) an fhionraí sin,

(b) na cúiseanna leis an bhfionraí sin, agus

(c) ré na fionraí sin.

(4) Aon duine a mhainneoidh fo-alt (3) a chomhlíonadh, déanfaidh sé nó sí cion agus dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil d'aicme B a chur air nó uirthi.

(5) I gcás, le linn tréimhse fionraí faoi fho-alt (1) (dá ngairtear 'an tréimhse chéadluaite' san fho-alt seo), go sannfar pointí breise don mháistir a mbeidh fionraí bhreise faoin bhfo-alt sin de thoradh orthu, tosóidh tréimhse na fionraí breise ar an lá díreach tar éis an lae dheireanaigh den tréimhse chéadluaite.

(6) I gcás nach ndéanfaidh máistir, a ndearnadh a chlárú nó a clárú sa Chlár de Mháistrí Iascaireachta Éireannacha a fhionraí faoi fho-alt (1), sárú tromchúiseach eile laistigh de 3 bliana ón dáta a braitheadh an sárú tromchúiseach is déanaí lena mbaineann na pointí arna sannadh dó nó di, déanfaidh an tAire an taifead sa Chlár sin maidir leis an bhfionraí a scriosadh.

**Máistir a bhaint den Chlár de Mháistrí Iascaireachta Éireannacha mar gheall ar phointí a charnadh nó mar gheall ar fhionraithe**

**15L.** (1) I gcás go mbeidh 90 pointe carntha ag máistir (ar pointí iad nár scriosadh de réir alt 15J(2)) nó go mbeidh cúig fhionraí faighte aige nó aici faoi alt 15K (ar fionraithe iad nár scriosadh de réir fho-alt (6) den alt sin), bainfidh an tAire an máistir den Chlár de Mháistrí Iascaireachta Éireannacha.

(2) Ní bheidh duine a bheidh bainte den Chlár de Mháistrí Iascaireachta Éireannacha faoi fho-alt (1) i dteideal go ndéanfaí é nó í a ataifeadadh sa Chlár.

(3) Déanfaidh duine a bheidh bainte den Chlár de Mháistrí Iascaireachta Éireannacha faoi fho-alt (1) a chur in iúl láithreach do shealbhóir ceadúnais báid iascaireachta mara a fhostaíonn é nó í, nó a bheartaíonn é nó í a fhostú, mar mháistir gur baineadh amhlaidh é nó í.

(4) Aon duine a mhainneoidh fo-alt (3) a chomhlíonadh, déanfaidh sé nó sí cion agus dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil d'aicme B a chur air nó uirthi.

**Oifigeach Achomhairc**

**15M.** (1) Is Oifigeach Achomhairc chun críocha na Caibidle seo Oifigeach Achomhairc arna cheapadh nó arna ceapadh faoi réim agus de réir Rialachán 11 de Rialacháin 2020.

(2) Beidh feidhm ag míreanna (2), (3), (5), (6) agus (7) de Rialachán 11 de Rialacháin 2020 maidir le hOifigeach Achomhairc, faoi réir na modhnuithe seo a leanas:

(a) forléireofar tagairt do Rialacháin 2020 mar thagairt don Chaibidil seo;

(b) forléireofar tagairt do 'sealbhóir ceadúnais' mar thagairt do mháistir báid iascaireachta mara;

(c) forléireofar tagairt d'achomharc mar thagairt d'achomharc faoin gCaibidil seo;

(d) i mír (5), forléireofar an tagairt do Rialachán 12(11) mar thagairt d'alt 15N(11).

(3) Má thagann post Oifigigh Achomhairc chun bheith folamh, go dtí go gceapfar duine nua, déanfaidh an tÚdarás na nithe seo a leanas a fhionraí—

(a) i gcás gur saoránach Éireannach an máistir lena mbaineann—

(i) an togra chun na pointí cuí a shannadh don mháistir mar gheall ar an sárú tromchúiseach, agus

(ii) an fógra chuig an máistir i dtaobh an togra chun pointí a shannadh, nó

(b) i gcás gur náisiúnach de chuid Ballstát eile an máistir—

(i) an fógra chuig máistir an bháid iascaireachta mara lena mbaineann i dtaobh an togra chun fógra a thabhairt d'údarás inniúil an Bhallstáit ar náisiúnach dá chuid an máistir á rá go ndearnadh an sárú tromchúiseach a bhrath, agus

(ii) an togra chun fógra a thabhairt d'údarás inniúil an Bhallstáit ar náisiúnach dá chuid an máistir i dtaobh an tsáraithe thromchúisigh a braitheadh agus i dtaobh an lín pointí is cuí maidir leis an sárú sin.

**Achomharc chuig an Oifigeach Achomhairc**

**15N.** (1) Maidir le máistir—

(a) is saoránach Éireannach a mbeartaítear pointí a shannadh dó nó di de réir alt 15I(3), nó

(b) is náisiúnach de chuid Ballstát eile a mbeartaítear ina leith fógra a thabhairt faoi alt 15I(4),

féadfaidh sé nó sí achomharc a dhéanamh chuig an Oifigeach Achomhairc, tráth nach déanaí ná 30 lá oibre ó dháta an fhógra dá dtagraítear in alt 15I(1) i leith an togra—

(i) chun pointí a shannadh dó nó di, nó

(ii) chun fógra a thabhairt d'údarás inniúil an Bhallstáit ar náisiúnach dá chuid é nó í,

de réir mar a bheidh.

(2) Maidir le hachomharc—

(a) is é nó is í an máistir a dhéanfaidh é,

(b) is i scríbhinn a dhéanfar é, agus

(c) beidh ag gabháil leis ráiteas i dtaobh na bhforas a mbeidh an máistir lena mbaineann ag brath orthu.

(3) Déanfaidh an tOifigeach Achomhairc, má iarrann máistir ag a mbeidh achomharc déanta air nó uirthi déanamh amhlaidh, éisteacht ó bhéal a thionól chun críocha an achomhairc.

(4) Maidir le hiarraidh ó pháirtí ar aon éisteacht ó bhéal, déanfar i scríbhinn í chuig an Oifigeach Achomhairc tráth nach déanaí ná 30 lá oibre ó dháta an fhógra i dtaobh an togra ón Údarás faoi alt 15I(1)—

(a) chun pointí a shannadh dó nó di, nó

(b) chun fógra a thabhairt don Bhallstát ar náisiúnach dá chuid an máistir lena mbaineann.

(5) Ní dhéanfar éisteacht ó bhéal a thionól má fhaightear an iarraidh dá dtagraítear i bhfo-alt (4) tráth is déanaí ná an tráth a shonraítear san fho-alt sin.

(6) Féadfaidh an tOifigeach Achomhairc a iarraidh go soláthróidh an tÚdarás nó máistir faisnéis bhreise maidir le hábhar an achomhairc agus, in aon chás, déanfaidh an tÚdarás nó an máistir, de réir mar a bheidh, an fhaisnéis a sholáthar tráth nach déanaí ná 20 lá oibre tar éis an iarraidh a fháil.

(7) Socróidh an tOifigeach Achomhairc a ghnó nó a gnó de réir mar is cuí leis nó léi agus féadfaidh sé nó sí na nósanna imeachta a leagan síos a bheidh le leanúint maidir le hachomhairc a sheoladh agus a bhreithniú.

(8) Soláthróidh an tÚdarás na saoráidí agus na seirbhísí réasúnacha go léir a theastóidh ón Oifigeach Achomhairc chun a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a chomhlíonadh.

(9) Féadfaidh an tOifigeach Achomhairc, i gcás achomharc a bheith déanta ag máistir—

(a) a dhaingniú go sannfar pointí don mháistir lena mbaineann nó go dtabharfar fógra don Bhallstát ar náisiúnach dá chuid an máistir lena mbaineann, de réir mar a bheidh, nó

(b) cinneadh a dhéanamh i bhfabhar an mháistir, agus sa chás sin—

(i) i gcás máistir is saoránach Éireannach, ní shannfar pointí agus ní thabharfar fógra faoi alt 15I(3), nó

(ii) i gcás máistir is náisiúnach de chuid Ballstát eile, ní thabharfar fógra faoi alt 15I(4).

(10) Daingneoidh an tOifigeach Achomhairc go sannfar pointí don mháistir nó go dtabharfar fógra don Bhallstát ar náisiúnach dá chuid an máistir lena mbaineann, de réir mar a bheidh, faoi fho-alt (9)(a) i gcás go measfaidh an tOifigeach Achomhairc gur dóichí, maidir leis an sárú tromchúiseach líomhnaithe a mbeartaítear ina leith pointí a shannadh nó fógra a thabhairt d'údarás inniúil an Bhallstáit—

(a) gur tharla sé,

(b) go raibh sárú tromchúiseach i gceist leis, agus

(c) go raibh baint leis ag an mbád iascaireachta mara a raibh an máistir lena mbaineann ina mháistir nó ina máistir air tráth an tsáraithe thromchúisigh.

(11) Faoi réir fho-alt (12), tabharfaidh Oifigeach Achomhairc breith i ndáil le hachomharc tráth nach déanaí ná 45 lá oibre ón dáta a gheobhaidh sé nó sí an t-achomharc faoi fho-alt (1).

(12) In imthosca eisceachtúla, féadfaidh an tOifigeach Achomhairc líon nach mó ná 15 lá oibre a thógáil i dteannta an lín laethanta a luaitear i bhfo-alt (11) chun breith a thabhairt.

(13) Tabharfaidh an tOifigeach Achomhairc fógra i scríbhinn don mháistir lena mbaineann, agus don Údarás, i dtaobh a bhreithe nó a breithe agus i dtaobh na gcúiseanna atá léi agus féadfar an bhreith nó na cúiseanna atá leis an mbreith a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin arna chothabháil ag an Údarás.

(14) Féadfaidh an tÚdarás nó an máistir lena mbaineann iarratas a dhéanamh chun na hArd-Chúirte ar phonc dlí maidir le breith ón Oifigeach Achomhairc.

(15) Maidir le hiarratas chun na hArd-Chúirte faoi fho-alt (14), déanfar é tráth nach déanaí ná 28 lá tar éis an fhógra chuig na páirtithe i dtaobh bhreith an Oifigigh Achomhairc faoi fho-alt (13).

(16) San alt seo, ciallaíonn 'achomharc' achomharc faoin alt seo.

**Fógra i dtaobh pointí a shannadh**

**15O.** I gcás go sannfar pointí do mháistir ar an gClár de Mháistrí Iascaireachta Éireannacha faoi alt 15I, tabharfaidh an tAire fógra i scríbhinn don mháistir i dtaobh na nithe seo a leanas—

(a) an líon pointí a bheidh sannta,

(b) an líon iomlán pointí arna sannadh dó nó di nach ndearnadh a scriosadh de réir alt 15J(2),

(c) i gcás go mbeidh pointí carntha ag an máistir, a fhágann go mbeidh clárú an mháistir sa Chlár de Mháistrí Iascaireachta Éireannacha le fionraí, de réir alt 15K, dáta tosaigh agus dáta deiridh na tréimhse fionraí, agus

(d) i gcás go mbeidh pointí nó fionraithe leordhóthanacha carntha ag an máistir, a fhágann go mbeidh an máistir le baint den Chlár de Mháistrí Iascaireachta Éireannacha, de réir alt 15L, gur baineadh an máistir den Chlár amhlaidh.

**Fógraí a sheirbheáil ar mháistrí**

**15P.** (1) Faoi réir fho-alt (2), maidir le fógra a cheanglaítear a thabhairt do mháistir nó maidir le doiciméad nó le hábhar eile a cheanglaítear a chur chuig máistir faoin gCaibidil seo, díreofar é chuig an máistir faoina ainm nó faoina hainm, agus féadfar é a thabhairt nó a chur ar aon cheann de na slite seo a leanas:

(a) trí chóip a thabhairt don mháistir,

(b) trína fhágáil—

(i) ag an seoladh ag a bhfuil gnáthchónaí ar an máistir nó, i gcás go mbeidh seoladh le haghaidh seirbheála tugtha, ag an seoladh sin, nó

(ii) ar an mbád iascaireachta mara a bhfuil an máistir ina mháistir nó ina máistir air de thuras na huaire,

(c) trína chur leis an bpost i litir chláraithe réamhíoctha chuig an seoladh ag a bhfuil gnáthchónaí ar an máistir nó, i gcás go mbeidh seoladh tugtha, chuig an seoladh sin,

(d) i gcás go mbeidh seoladh ríomhphoist tugtha, trína chur chuig an seoladh ríomhphoist sin,

(e) i gcás go mbeidh an máistir cláraithe ar chomhéadan leictreonach, trína fhágáil ar an gcomhéadan leictreonach sin,

(f) i gcás go mbeidh an máistir ina mháistir nó ina máistir ar bhád iascaireachta mara atá ar muir an tráth a thabharfar nó a chuirfear fógra, doiciméad nó ábhar eile, le ríomhphost, le teileafón satailíte nó tríd an lárionad faireacháin iascaigh agus trí dhaingniú dá éis sin le haon cheann de na modhanna eile dá dtagraítear san fho-alt seo, nó

(g) i gcás gur náisiúnach de chuid Ballstát eile an máistir, trí iarraidh chuig an mBallstát eile chun fógra a thabhairt don mháistir sin de réir Airteagal 161 den Rialachán ón gCoimisiún.

(2) I gcás go gceanglófar fógra a thabhairt do mháistir, nó go gceanglófar doiciméad nó ábhar eile a chur chuig máistir, faoin gCaibidil seo, ar náisiúnach de chuid Ballstát eile é nó í agus nach mbeidh mionsonraí teagmhála ag an Údarás dó nó di, féadfar an fógra a thabhairt do shealbhóir ceadúnais an bháid iascaireachta mara lena mbaineann, nó féadfar an doiciméad nó an t-ábhar eile a chur chuige nó chuici, ar cheann amháin de na slite seo a leanas:

(a) trí chóip den fhógra, nó den doiciméad nó den ábhar eile, a thabhairt don sealbhóir ceadúnais,

(b) trína fhágáil—

(i) ag an seoladh ag a bhfuil gnáthchónaí ar an sealbhóir ceadúnais nó, i gcás go mbeidh seoladh le haghaidh seirbheála tugtha, ag an seoladh sin, nó

(ii) ar an mbád iascaireachta mara a shealbhaíonn an sealbhóir ceadúnais an ceadúnas ina leith,

(c) trína chur leis an bpost i litir chláraithe réamhíoctha chuig an seoladh ag a bhfuil gnáthchónaí ar an sealbhóir ceadúnais nó, i gcás go mbeidh seoladh tugtha, chuig an seoladh sin, nó

(d) i gcás go mbeidh seoladh ríomhphoist tugtha, trína chur chuig an seoladh ríomhphoist sin.

(3) Chun críoch an ailt seo, measfar gnáthchónaí a bheith ar chuideachta, de réir bhrí Acht na gCuideachtaí, 2014, ag a hoifig chláraithe agus measfar gnáthchónaí a bheith ar gach comhlacht corpraithe eile agus ar gach comhlacht neamhchorpraithe daoine ag a phríomhoifig nó ag a phríomháit ghnó.

(4) San alt seo, ciallaíonn 'comhéadan leictreonach' léibheann, tairseach nó líonra malartaithe teicneolaíochta faisnéise atá daingean, nó comhéadan eile den tsamhail sin, arna chothabháil nó arna cothabháil ag an Aire, nó thar ceann an Aire, ar gá mionsonraí pearsanta logála isteach ina leith.

**Nithe a bhaineann le héisteachtaí ó bhéal**

**15Q.** (1) Le linn éisteacht ó bhéal dá dtagraítear in alt 15H(2)(b)(v) nó in alt 15N(3) a sheoladh, féadfaidh an Painéal Cinnidh nó an tOifigeach Achomhairc, de réir mar a bheidh—

(a) trí fhógra i scríbhinn chuig aon duine, a cheangal ar an duine freastal cibé tráth agus i cibé áit a bheidh sonraithe san fhógra chun fianaise a thabhairt i ndáil le haon ní a bheidh i gceist ag an éisteacht nó chun aon leabhair, cuntais, léarscáileanna, pleananna nó doiciméid eile a bheidh ina sheilbh nó ina seilbh, ina choimeád nó ina coimeád nó faoina rialú, agus a bhaineann leis an ní, a thabhairt ar aird, nó

(b) fianaise a ghlacadh faoi mhionn agus, chun na críche sin, féadfaidh sé nó sí daoine a chur faoi mhionn, agus beidh duine a bheidh ag tabhairt fianaise ag éisteacht ó bhéal i dteideal na ndíolúintí agus na bpribhléidí céanna a mbeadh sé nó sí ina dteideal dá mba fhinné os comhair na hArd-Chúirte é nó í.

(2) I gcás go n-iarrfaidh duine éisteacht ó bhéal faoi alt 15H(2)(b)(v) nó faoi alt 15N(3), agus go mainneoidh an duine sin freastal ar an éisteacht sceidealta de réir fógra dá dtagraítear i bhfo-alt (1)(a), féadfaidh an Painéal Cinnidh nó an tOifigeach Achomhairc, de réir mar a bheidh, an cinneadh nó an fhionnachtain a dhéanamh laistigh den tréimhse ama a shonraítear in ailt 15H(6) nó 15N(11), d'ainneoin mainneachtain duine freastal ar éisteacht sceidealta.

(3) Maidir le duine a mbeidh fógra dá dtagraítear i bhfo-alt (1)(a) tugtha dó nó di agus—

(a) a dhiúltóidh nó a fhailleoidh freastal de réir an fhógra,

(b) a dhéanfaidh aon doiciméad lena mbaineann an fógra a athrú, a choinneáil siar, a cheilt nó a dhíothú, nó

(c) tar éis freastal de réir an fhógra, a dhiúltóidh fianaise a thabhairt nó a dhiúltóidh nó a mhainneoidh aon doiciméad lena mbaineann an fógra a thabhairt ar aird,

déanfaidh sé nó sí cion agus dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil d'aicme C a chur air nó uirthi.

**Cion arb éard é duine atá ar fionraí ón gClár de Mháistrí Iascaireachta Éireannacha nó atá bainte de a fhostú**

**15R.** (1) Ní dhéanfaidh sealbhóir ceadúnais báid iascaireachta mara—

(a) a cheadú do dhuine urlámh a ghlacadh ar an mbád iascaireachta mara lena mbaineann an ceadúnas, nó

(b) duine a fhostú mar mháistir ar an mbád iascaireachta mara lena mbaineann an ceadúnas,

agus a fhios aige nó aici gur saoránach Éireannach é nó í an duine agus nach bhfuil sé nó sí cláraithe sa Chlár de Mháistrí Iascaireachta Éireannacha nó go bhfuil clárú an duine sin sa Chlár sin ar fionraí faoi alt 15K.

(2) Ní dhéanfaidh sealbhóir ceadúnais báid iascaireachta mara—

(a) a cheadú do náisiúnach de chuid Ballstát eile urlámh a ghlacadh ar an mbád iascaireachta mara lena mbaineann an ceadúnas, nó

(b) náisiúnach den sórt sin a fhostú mar mháistir ar bhád iascaireachta mara den sórt sin lena mbaineann an ceadúnas,

agus a fhios aige nó aici go ndearnadh é nó í a chur ar fionraí ó chlár sa Bhallstát, nó a bhaint de chlár sa Bhallstát, atá comhionann leis an gClár de Mháistrí Iascaireachta Éireannacha, nó go ndearnadh a cheart nó a ceart nó a chead nó a cead chun bheith ina mháistir nó ina máistir ar bhád iascaireachta mara a tharraingt siar go buan faoi dhlí an Bhallstáit sin lena dtugtar éifeacht d'Airteagal 92 den Rialachán maidir le Rialú.

(3) Aon duine a sháróidh fo-alt (1) nó (2), déanfaidh sé nó sí cion agus dlífear—

(a) ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil d'aicme A a chur air nó uirthi, nó

(b) ar é nó í a chiontú ar díotáil, fíneáil nach mó ná €15,000 a chur air nó uirthi.

(4) In imeachtaí i gcoinne sealbhóir ceadúnais báid iascaireachta mara mar gheall ar shárú ar fho-alt (1)(a) nó (2)(a), is cosaint é don chosantóir a chruthú gur cheadaigh sé nó sí don duine dá dtagraítear sna míreanna sin dul i bhfeighil an bháid iascaireachta mara lena mbaineann d'fhonn contúirt láithreach nó garchontúirt don bhád iascaireachta mara nó do dhuine ar an mbád a chosc, nó d'fhonn féachaint le contúirt láithreach nó garchontúirt don bhád iascaireachta mara nó do dhuine ar an mbád a chosc.

**Painéal Cinnidh agus Oifigeach Achomhairc do bhreithniú aighneachtaí**

**15S.** (1) Féadfaidh Painéal Cinnidh, i ndáil le sárú tromchúiseach líomhnaithe, cinneadh a sheoladh faoin gCaibidil seo an tráth céanna a sheolfaidh sé cinneadh i ndáil leis an sárú tromchúiseach céanna faoi Rialacháin 2020, ag gníomhú dó mar Phainéal Cinnidh faoi na Rialacháin sin, agus féadfaidh sé, lena n-áirítear le linn éisteacht ó bhéal faoi alt 15H(2)(b)(v) nó faoi na Rialacháin sin, fianaise a ghlacadh agus aighneachtaí a éisteacht agus a bhreithniú a bhaineann leo seo a leanas—

(a) máistir a ndearnadh an sárú tromchúiseach líomhnaithe a bhrath ina leith faoin Acht seo, agus

(b) sealbhóir ceadúnais báid iascaireachta mara a ndearnadh an sárú tromchúiseach líomhnaithe a bhrath ina leith faoi Rialacháin 2020.

(2) Féadfaidh Oifigeach Achomhairc, i ndáil le sárú tromchúiseach líomhnaithe, achomharc a sheoladh faoin gCaibidil seo an tráth céanna a sheolfaidh sé

nó sí achomharc i ndáil leis an sárú tromchúiseach céanna faoi Rialacháin 2020, ag gníomhú dó nó di mar Oifigeach Achomhairc faoi na Rialacháin sin, agus féadfaidh sé nó sí, lena n-áirítear le linn éisteacht ó bhéal faoi alt 15N(3) nó faoi na Rialacháin sin, fianaise a ghlacadh agus aighneachtaí a éisteacht agus a bhreithniú a bhaineann leo seo a leanas—

(a) máistir a ndearnadh an sárú tromchúiseach líomhnaithe a bhrath ina leith faoin Acht seo, agus

(b) sealbhóir ceadúnais báid iascaireachta mara a ndearnadh an sárú tromchúiseach líomhnaithe a bhrath ina leith faoi Rialacháin 2020.

**Teorainneacha ama a fhadú**

**15T.** (1) Aon teorainn ama dá dtagraítear sa Chaibidil seo agus ar laistigh di a cheanglaítear aon ghníomh a dhéanamh nó nach ceadmhach é a dhéanamh, nó a cheanglaítear aon ní a dhéanamh nó nach ceadmhach é a dhéanamh, féadfaidh an Painéal Cinnidh nó an tOifigeach Achomhairc, de réir mar a bheidh, cibé tréimhse a chur mar fhadú léi is gá chun an teorainn ama lena mbaineann a ailíniú le teorainn ama chomhfhreagrach i Rialacháin 2020 ar teorainn ama í a bhaineann le cinneadh nó le hachomharc faoi na Rialacháin sin a eascróidh as an sárú tromchúiseach líomhnaithe céanna.

(2) Aon teorainn ama dá dtagraítear i Rialacháin 2020 agus ar laistigh di a cheanglaítear aon ghníomh a dhéanamh nó nach ceadmhach é a dhéanamh, nó a cheanglaítear aon ní a dhéanamh nó nach ceadmhach é a dhéanamh, féadfaidh an Painéal Cinnidh nó an tOifigeach Achomhairc, de réir mar a bheidh, de réir bhrí na Rialachán sin, cibé tréimhse a chur mar fhadú léi is gá chun an teorainn ama lena mbaineann a ailíniú le teorainn ama chomhfhreagrach sa Chaibidil seo ar teorainn ama í a bhaineann le cinneadh nó le hachomharc faoin gCaibidil seo a eascróidh as an sárú tromchúiseach líomhnaithe céanna.

**Pointí a bheidh le sannadh mar gheall ar shárú tromchúiseach a shonraítear in Airteagal 90(1)(c) den Rialachán maidir le Rialú**

**15U.** Chun críocha Airteagal 90 den Rialachán maidir le Rialú, is é cúig phointe an líon pointí a bheidh le sannadh de réir na Caibidle seo mar gheall ar shárú tromchúiseach a shonraítear i mír (1)(c) den Airteagal sin.”.

**Leasú ar alt 16 d’Acht 2006**

**7.** Leasaítear alt 16 d’Acht 2006, i bhfo-alt (1)(c), trí “nó atá ag fónamh sa lárionad faireacháin iascaigh,” a chur isteach i ndiaidh “an Stáit,”.

**Leasú ar alt 17 d’Acht 2006**

**8.** Leasaítear alt 17 d’Acht 2006, i bhfo-alt (1)(j)(i), trí “i mír (b)(i), (ii) nó (v),” a chur in ionad “i mír (b)(i) agus (ii) agus (v),”.

**Aistriú Sonraí**

**9.** Leasaítear Caibidil 3 de Chuid 2 d’Acht 2006 tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 26:

**"Aistriú Sonraí**

**26A.** (1) (a) Féadfaidh an tÚdarás faisnéis atá ina sheilbh ag an Údarás chun críocha na *nAchtanna Iascaigh, 1959 go 2022* a aistriú chuig na Coimisinéirí Ioncaim.

(b) Féadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim faisnéis atá ina seilbh ag na Coimisinéirí Ioncaim chun críoch Achta iomchuí, ar faisnéis í a bhaineann le hioncam ón earnáil iascaigh, a aistriú chuig an Údarás.

(2) San alt seo, ciallaíonn 'Acht iomchuí'—

(a) Acht is Acht Cánach de réir bhrí alt 1(2) den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, nó

(b) an tAcht Comhdhlúite Cánach Breisluacha, 2010.".

**Leasú ar alt 28 d'Acht 2006**

**10.** Leasaítear alt 28 d'Acht 2006—

(a) i bhfo-alt (5), tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (b):

"(b) i gcás ciontú faoi aon fhoráil eile a luaitear i dTábla, déanfar aon iasc agus aon ghléas iascaireachta a gheofar ar an mbád lena mbaineann an cion nó a gheofar in aon áit eile ar aistríodh ón mbád chuici iad, a fhorghéilleadh mar iarmhairt reachtúil ar an gciontú.",

(b) i bhfo-alt (6)(b), trí "gach ceann nó aon cheann de" a scriosadh,

(c) i gcolún (2) de Thábla 1, os coinne Uimhir Thagartha 1(b), trí "sárú a bhaineann le gléas nó trealamh iascaireachta" a chur in ionad "líonta neamhdhleathacha nó trealamh neamhdhleathach eile",

(d) i gcolún (2) de Thábla 1, os coinne Uimhir Thagartha 2, trí "10(4)" a chur in ionad "10(2)", agus

(e) i gcolún (2) de Thábla 2, os coinne Uimhir Thagartha 1, trí "Alt 4(13)(iascaireacht gan ceadúnas báid iascaireachta mara nó de shárú air)." a chur in ionad "Alt 4(12) (iascaireacht gan ceadúnas báid iascaireachta mara nó de shárú air).".

**Leasú ar alt 37 d'Acht 2006**

**11.** Leasaítear alt 37 d'Acht 2006, i mír (b), trí "aon ghléas iascaireachta nó" a chur in ionad "aon líonta nó".

**Leasú ar alt 54 d'Acht 2006**

**12.** Leasaítear alt 54 d'Acht 2006, i mír (b), trí "51(2)," a chur in ionad "51(2)(a),".

**Leasú ar an Acht Iascaigh (Leasú), 2003**

**13.** Leasaítear an tAcht Iascaigh (Leasú), 2003—

(a) in alt 4(3)(b)(a leasaíodh le halt 97 d'Acht 2006)—

(i) i bhfomhír (iii), trí "an t-iarratas," a chur in ionad "an t-iarratas.", agus

(ii) tríd an bhfomhír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (iii):

"(iv) i gcás gur duine nádúrtha an t-iarratasóir, déanfaidh duine atá os cionn 18 mbliana d'aois ar dháta an iarratais é.",

agus

(b) in alt 5 (a leasaíodh le halt 99(c) d'Acht 2006)—

(i) i bhfo-alt (1)(b), trí "d'Acht 2003" a scriosadh, agus

(ii) i bhfo-alt (2)(b), trí "d'Acht 2003" a scriosadh.

**Leasú ar Rialacháin an Aontais Eorpaigh (An Comhbheartas Iascaigh) (Córas Pointí), 2020**

**14.** Leasaítear Rialachán 7 de Rialacháin an Aontais Eorpaigh (An Comhbheartas Iascaigh) (Córas Pointí), 2020 (I.R. Uimh. 318 de 2020)—

(a) tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (2):

"(2A) Faoi réir mhír (3), i gcás go mbeidh fógra eisithe faoi mhír (1) i leith bád iascaireachta mara Éireannach, sannfaidh an tÚdarás an líon cuí pointí do shealbhóir an cheadúnais Éireannaigh a bhaineann leis an mbád áirithe mar gheall ar an sárú tromchúiseach.",

(b) i mír (3), trí "de réir mhír (2A)" a chur in ionad "de réir mhír (1)", agus

(c) i mír (4)(b)—

(i) i gclásal (i), trí "dá mbeidh na pointí le sannadh" a chur in ionad "dá mbeidh na pointí beartaithe le sannadh", agus

(ii) i gclásal (iv), trí "an líon pointí arna sannadh" a chur in ionad "an líon pointí a bheidh le sannadh".

**Gearrtheideal, comhlua agus tosach feidhme**

**15.** (1) Féadfar an tAcht Iascaigh Mhara (Forálacha Ilghnéitheacha), 2022 a ghairm den Acht seo.

(2) Féadfar na hAchtanna Iascaigh Mhara, 2003 go 2022 a ghairm de na hAchtanna Iascaigh Mhara, 2003 go 2019 agus *d'ailt 1* go *13* le chéile.

(3) Féadfar na hAchtanna Iascaigh, 1959 go 2022 a ghairm de na hAchtanna Iascaigh, 1959 go 2019 agus *d'ailt 1* go *13* le chéile.

(4) Tiocfaidh an tAcht seo i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara le hordú nó le horduithe i gcoitinne nó faoi threoir aon chríoch nó foráil áirithe agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh amhlaidh chun críoch éagsúil nó le haghaidh forálacha éagsúla.

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,
BÓTHAR BHAILE UÍ BHEOLÁIN, CILL MHAIGHNEANN,
BAILE ÁTHA CLIATH 8, D08 XAO6.
Teil: 046 942 3100
r-phost: publications@opw.ie
nó trí aon díoltóir leabhar.

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased from
GOVERNMENT PUBLICATIONS,
MOUNTSHANNON ROAD, KILMAINHAM,
DUBLIN, D08 XAO6.
Tel: 046 942 3100
Email: publications@opw.ie
or through any bookseller.

€3.81

9 781399 303699